2024/1595

6.6.2024

# RIALACHÁN (AE) 2024/1595 ÓN gCOIMISIÚN

**an 5 Meitheamh 2024**

**lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán (AE) 2023/1783 a mhéid a bhaineann leis an bhforáil idirthréimhseach i ndáil le hinfheidhmeacht Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le substaintí gníomhacha áirithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), Airteagal 18(1), pointe (b), agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna leaganacha Gearmáinise, Iodáilise, Seicise agus Spáinnise de Rialachán (AE) 2023/1783 ón gCoimisiún [2], tá earráid in Airteagal 2 a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha i dtáirgí áirithe agus ar tháirgí áirithe, a bhfuil feidhm ag an bhforáil idirthréimhseach maidir leo.

(2) In Aithris 10 de Rialachán (AE) 2023/1783 leagtar amach na cúiseanna leis an bhforáil idirthréimhseach in Airteagal 2 den Rialachán sin. Tá an earráid chéanna sna leaganacha Gearmáinise agus Spáinnise den aithris sin agus atá in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2023/1783.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart na leaganacha Gearmáinise, Iodáilise, Seicise agus Spáinnise de Rialachán (AE) 2023/1783 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, arna seachadadh sular glacadh Rialachán (AE) 2023/1783,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)*

[1] IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

[2] Rialachán (AE) 2023/1783 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh beansóáit dínádóiniam, dé-úróin, eatocsasóil, meitimile, agus teafluibeansúróin i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 229, 18.9.2023, lch. 63, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1783/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Meitheamh 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN